



An Bhruiséal, 23 Samhain 2018  
(OR. en)

14452/18

LIMITE

EF 297  
ECOFIN 1079  
CODEC 2069  
DRS 54  
CCG 40

---

**Comhad Idirinstitiúideach:  
2017/0270 (COD)**

---

**TUARASCÁIL**

|        |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                         |
|--------|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| ó:     | An Uachtaránacht                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                        |
| chuig: | na toscaireachtaí                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                       |
| Ábhar: | <p>- Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 chun Scéim Eorpach Árachais Taiscí a bhunú (an chéad léamh)</p> <p>- Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an mBanc Ceannais Eorpach, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, agus chuig Coiste na Réigiún, "I dTreo an tAontas Baincéireachta a Thabhairt chun Críche"</p> <p>= Tuarascáil ar dhul chun cinn (an staid mar atá)</p> |

**TUARASCÁIL UACHTARÁNACHTA AR DHUL CHUN CINN LE hOBAIR SAN AHWP  
MAIDIR LEIS AN AONTAS BAINCÉIREACHTA A NEARTÚ**

**I. RÉAMHRÁ**

1. De bhun na gConclúidí ón gComhairle maidir leis an treochlár chun an t-aontas baincéireachta a chomhlánú mar a ghlac an Chomhairle ar an 17 Meitheamh 2016 iad (10460/16, 'Treochlár mhí an Mheithimh 2016'), agus ag tógáil ar na Tuarascálacha ar Dhul Chun Cinn atá ullmhaithe ag Uachtaránacht na hÍsiltíre (10036/16), Uachtaránacht na Slóvaice (14841/16), Uachtaránacht Mhálta (9484/17), Uachtaránacht na hEastóine (14808/17) agus Uachtaránacht na Bulgáire (9819/18) faoi seach, lean an Chomhairle den obair chuiditheach ar

an leibhéal teicniúil maidir leis an togra ón gCoimisiún go mbunófaí Scéim Eorpach Árachais Taiscí (SEÁT), fad is a dhéanfaí faireachán ar dhul chun cinn maidir le laghdú riosca agus bearta eile a leagtar amach sa Treochlár i mí na Meitheamh 2016.

2. Tháinig an Mheitheal Ad Hoc um Neartú an Aontais Baincéireachta ("MAH"), a bunaíodh ar an 13 Eanáir 2016 (5006/16), le chéile 4 huaire faoi Uachtaránacht na hOstaire (an 19 Iúil, an 17 Meán Fómhair, an 12 Deireadh Fómhair agus an 20 Samhain). Bhain an obair chuiditheach le togra SEÁT agus ba de chineál teicniúil í, ós rud é go dtosóidh an chaibidlíocht ar leibhéal polaitiúil maidir le SEÁT nuair a bheidh dóthain dul chun cinn breise déanta ar bhearta laghdaithe riosca i gcomhréir le Conclúidí ón gComhairle ó mhí an Mheithimh 2016.
3. Ullmhaíodh an Tuarascáil seo ar Dhul Chun Cinn faoi fhreagracht Uachtaránacht na hOstaire agus aird tugtha ar na tuairimí a chuir na toscaireachtaí in iúl agus le díriú ar iarratais éagsúla ar thaifead scríofa ar an dul chun cinn a rinne an Uachtaránacht le SEÁT agus le bearta chun an tAontas Baincéireachta a neartú. Ná ceaptar go bhfuil an tuarascáil seo ina ceangal ar na toscaireachtaí, ós rud é nach bhfuil inti ach measúnú na hUachtaránachta ar thoradh na bpléití a bhí ar siúl ag na cruinnithe sin. Ceaptar an tuarascáil seo chun comhleanúnachas a chur ar fáil agus chun cúram na hUachtaránachta nua a éascú.

## II. TOGRA SEÁT

### A) BREITHNITHE GINEARÁLTA

4. Chuir an Uachtaránacht seo leis an obair a rinne Uachtaránachtaí na hÍsiltíre, na Slóvaice, Mhálta, na hEastóine agus na Bulgáire agus é mar aidhm dul chun cinn a dhéanamh chomh fada agus is féidir leis na gnéithe teicniúla ar feitheamh, agus pé áit ar gá, dul siar ar an bplé a rinneadh roimhe seo agus cur leis. Dhírigh Uachtaránacht na hOstaire an obair ar iniúchadh críochnúil a dhéanamh ar na ceisteanna teicniúla a bhfuil ceangal acu le malairtí difriúla maidir le samhail tosaigh SEÁT, lena n-áirítear an tsamhail hibrídeach a chuir an Uachtaránacht i láthair. Ina theannta sin, rinne an mheitheal plé ar ghnéithe idirthréimhseacha i gcomhthéacs SEÁT a thabhairt isteach, ar an tionchar a bheadh ag SEÁT ar na Ballstáit nach bhfuil rannpháirteach san Aontas Baincéireachta, bearta malartacha agus ranníocaíochtaí rioscabhunaithe a ríomh.
5. Go comhthreomhar leis seo, rinne Uachtaránacht na hOstaire faireachán ar an dul chun cinn a rinneadh ar bhearta eile laghdaithe riosca agus comhroinnte riosca (féach roinn II den tuarascáil seo).

## **B) NA PRÍOMH-SHAINCHEISTEANNA**

6. Meabhraítear go raibh roinnt plé ag Uachtaránacht na Bulgáire maidir leis na gnéithe teicniúla a bhaineann le tacaíocht leachtachta faoi athárachas SEÁT bunaithe ar na tuairimí a cuireadh in iúl sa Teachtaireacht ón gCoimisiún i mí Dheireadh Fómhair 2017 agus maidir le hiasachtú éigeantach idir na Scéimeanna Ráthaíochta Taiscí náisiúnta (SRT). Chuir dhá pháipéar leathoifigiúla ó sheirbhísí an Choimisiúin maidir le hathárachas agus dhá pháipéar leathoifigiúla ón Uachtaránacht maidir le hiasachtú éigeantach, bonn ar fáil chun a ngnéithe teicniúla a scrúdú. Le linn pléití teicniúla cuiditheacha, d'aithin na Ballstáit roinnt buntáistí agus míbhuntáistí féideartha. Chomhaontaigh roinnt Ballstát leis an togra gnéithe eile teicniúla a bhaineann leis an tsamhail athárachais a iniúchadh, fad is gur thacaigh Ballstáit eile leis an gcur chuige iasachtaithe éigeantaigh. Ar an iomlán, níor baineadh comhdhearcadh soiléir amach maidir le hinmhianaitheacht a ngnéithe teicniúla, gan dochar do thoradh na bpléití polaitiúla. Mhaígh cuid acu nach bhféadfadh athárachas ná iasachtú éigeantach ach a bheith ina 'chéad chéim' fhéideartha de SEÁT agus gur cheart go mbeadh SEÁT iomlán mar aidhm. Chuir cuid acu i dtreis go bhfuil nathanna amhail "céimeanna" míthreorach agus gur cheart a leithéid a sheachaint, mar tá an chuma ar an scéal go bhfuil siad ag tabhairt le fios go bhfuil roinnt céimeanna i gceist, rud a mhol an Coimisiún ach nach bhfuil cinneadh déanta ina leith fós ag an gComhairle.
7. Mar mhalairt air sin agus d'fhonn an plé sa Mheitheal Ad Hoc (MAH) a chur chun cinn, bheartaigh an Uachtaránacht na gnéithe teicniúla a bhaineann le rogha hibrídeach a fhiosrú - comhcheangal dhá shamhail le haghaidh tacaíocht leachtachta a pléadh faoi Uachtaránacht na Bulgáire: athárachas bunaithe ar na tuairimí a cuireadh in iúl sa Teachtaireacht ón gCoimisiún i mí Dheireadh Fómhair 2017 agus ar iasachtú éigeantach.

- **Samhail hibrídeach**

8. Sa tsamhail hibrídeach le haghaidh tacaíocht leachtachta faoi SEÁT, beidh an scéim ráthaíochta taiscí fódaíthe i gcónaí ar an leibhéal náisiúnta agus beidh comhpháirt ar an leibhéal Eorpach chomh maith le gnéithe ó choincheap an iasachtaíthe éigeantaigh i gceist chomh maith. Cuimsíonn an tsamhail gnéithe a leagadh amach i bpáipéir leathoifigiúla sheirbhísí Uachtaránacht na Bulgáire agus an Choimisiúin, fad is a chuirtear tráchtanna na mBallstát san áireamh. Ar aon dul leis an dá shamhail seo, chuirfeadh samhail hibrídeach tacaíocht leachtachta ar fáil, ach gan cumhdach caillteanais san áireamh.
9. D'fhágfadh an tsamhail seo go mbeadh deighilt idir an Ciste Árachais Taiscí (DIF) atá á choinneáil go lárnach agus na cistí atá fágtha sna DGSanna náisiúnta. D'fhorbródh na DGSanna náisiúnta a gcistí go spriocleibhéal a bheadh socraithe le treoir pholaitiúil, mar shampla, 0.4% de na taiscí cumhdaithe. Ansin thosódh na DGSanna náisiúnta ag aistriú ranníocaíochtaí chuig an DIF go dtí go mbainfí spriocleibhéal comhcheangailte 0.8% amach de réir conair cistiúcháin réamhshainithe. Sa tsamhail seo, dhéanfadh an Bord Réitigh Aonair (BRA) na ranníocaíochtaí le CÁT a ríomh agus a bhainistiú, fad is a bheadh na SRTanna náisiúnta ag sonrascadh agus ag bailiú ranníocaíochtaí CÁT sonrasc agus á n-aistriú chuig CÁT.
10. Bheadh ríomh na ranníocaíochtaí rioscabhunaithe leis an SRT náisiúnta bunaithe ar an riosca a thabhaigh an banc i gcoibhneas leis na bainc go léir atá cleamhnaithe leis an SRT náisiúnta. Bheadh ríomh na ranníocaíochtaí rioscabhunaithe leis an DIF bunaithe ar an riosca a tabhaíodh i gcoibhneas leis na bainc go léir san Aontas Baincéireachta.
11. Bheadh SRT náisiúnta a bhainfeadh easnamh leachtachta dó in ann leachtacht a iarraidh ar CÁT tar éis dó a chistí féin a ídiú suas go dtí an spriocleibhéal is gá ar dtús. Má tá an DIF ídithe, d'fhéadfadh an BRA leachtacht sa bhreis a iarraidh don DIF trí iasachtú éigeantach ó na SRTanna náisiúnta eile. Dhéanfadh an BRA iasachtaí na SRTanna náisiúnta eile leis an CÁT a chomhordú, a bhailiú agus a bhainistiú, chomh maith leis na hacmhainní airgeadais a scaipeadh ar na SRTanna atá i ngátar. Mar rogha dheiridh, d'fhéadfaí deis a thabhairt don BRA chomh maith iasachtaí a fháil ar na margaí caipitil.

12. Faoi réir treoir pholaitiúil, d'fhéadfadh caidhpeanna teorainn a chur le méid na tacaíochta leachtachta do SRT náisiúnta atá i ngátar is féidir a iarraidh ar CÁT agus/nó d'fhéadfadh caidhpeanna gealltanais na SRTanna náisiúnta a theorannú trí iasachtú éigeantach. Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfaí ús a ghearradh ar thacaíocht leachtachta.
13. Bheadh ar SRT náisiúnta tacaíocht leachtachta ar bith a gheofaí a aisíoc san ord seo a leanas: ar an gcéad dul síos, le CÁT, a d'aisíocfadh na SRTanna náisiúnta eile a bhfuil leachtacht curtha ar fáil acu tríd an iasachtú éigeantach. Ar an dara dul síos, dhéanfaí athnuachan ar na cistí DIF féin. Ar deireadh, dhéanfaidh an DGS náisiúnta athnuachan ar a chistí féin. Ba ghá ranníocaíochtaí *ex post* a thiomsú, chomh maith le haisghabhálacha ó imeachtaí dócmhainneachta a úsáid.
14. Faoi tsamhail hibrídeach, na Ballstáit sin a aontaíonn leis an Aontas Baincéireachta ag céim níos déanaí, ba ghá dóibh na ceanglais dlíthiúla ábhartha uile a chomhlíonadh agus acmhainní airgeadais a aistriú i gcomhréir leis an sprioc atá ann faoi láthair maidir le maoiniú CÁT. Dúirt roinnt Ballstát gurbh fhearr leo dearadh a ráthódh cóir chomhionann do thíortha aontacha nua.
15. Ba dhíol sásaimh do sheirbhísí an Choimisiúin agus do roinnt de na Ballstáit an plé ar an tsamhail, a measadh a bheith ag cuidiú leis an gcaibidlíocht a chur chun cinn. Leag Ballstáit áirithe béim ar an ngá leis an bplé sa mheitheal a dhíriú ar réiteach 'lánleachtachta'. Dhearbhaigh roinnt Ballstát nach raibh siad toilteanach tuilleadh plé a dhéanamh ar shamhail hibrídeach SEÁT ach amháin má bhí sé le breithniú mar chéim idirthréimhseach, as a dtiocfadh SEÁT lánfheidhme, agus sprioc-am soiléir dá chur chun feidhme á leagan síos ar an leibhéal polaitiúil. Chuir roinnt Ballstát i dtreis i gcás aon samhail SEÁT a d'fhéadfadh a bheith ann, nár cheart cosaint taisceoirí a laghdú ann go leibhéal atá níos ísle ná an réiteach atá ann faoi láthair le haghaidh SRTanna náisiúnta. Cháin roinnt Ballstát castacht na samhla hibrídí agus thug le fios gurbh fhearr leo plé a dhéanamh ar shamhail a bhféadfadh lán-fhrithpháirtiú a teacht gan úim as.

16. Bhí tuairimí éagsúla ann faoi shonraí teicniúla na samhla hibridí. Aontaíonn na Ballstáit leis an Uachtaránacht go bhfuil sé ríthábhachtach don tsamhail go socrófaí paraiméadair agus gur gá sin a phlé ar an leibhéal polaitiúil.

- **Gnéithe idirthréimhseacha**

17. Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún i mí Dheireadh Fómhair 2017, cuireadh chun tosaigh an smaoineamh go bhféadfaí tabhairt isteach SEÁT de réir a chéile agus tús an chumhdaigh caillteanais sa dara céim de SEÁT a nascadh le coinníollacha áirithe atá le measúnú, rud a d'fhéadfaí a dhéanamh trí Athbhreithniú spriocdhírithe ar Cháilíocht Sócmhainní (AQR) chun aghaidh a thabhairt ar Iasachtaí Neamhthuillmheacha agus sócmhainní Leibhéal 3<sup>1</sup>.

18. Pléadh an tsaincheist sin san ord seo a leanas. Ar an gcéad dul síos, i bhfianaise páipéar leathoifigiúil Uachtaránachta, pléadh samhla éagsúla aistrithe mar gheall ar an AQR spriocdhírithe. Agus an measúnú ar na cúinsí atá i gceist á chur san áireamh, d'fhéadfadh SEÁT tosú ar bhonn bainc ar bhanc, ar bhonn Ballstáit ar Bhallstát nó trí chomhaistriú. Thacaigh an chuid is mó de na Ballstáit leis an smaoineamh go mbeadh tús coiteann i gceist ar mhaithe le hilroinnt an Aontais Baincéireachta a sheachaint. Thug seirbhísí an Choimisiúin le fios gurb é comhaistriú an t-aon rogha atá ag teacht le bunphrionsabail an Aontais Baincéireachta.

19. Ach bhí tuairimí éagsúla ann faoi AQR spriocdhírithe i gcomhthéacs SEÁT.

20. Chuir seirbhísí an Choimisiúin páipéar leathoifigiúil i láthair ina moltar cur chuige spriocdhírithe maidir le bainc rannpháirteacha a roghnú ar bhonn critéir éifeachtúlachta agus éifeachtachta an AQR, an mhéid riosca agus ionadaíochas na mbanc ar chóras an Aontais Baincéireachta.

---

<sup>1</sup> Is sócmhainní agus dliteanais airgeadais iad sócmhainní agus dliteanais Leibhéal 3 nach luaitear i margadh gníomhach agus déantar iad a luacháil trí mheán ionchuir shuntasacha dhobhraite.

21. Mheabhraigh roinnt toscaireachtaí an gá le laghdú leordhóthanach riosca sa chóras baincéireachta i gcomhréir le treochlár mhí an Mheithimh 2016 sula ndéanfaí aistriú ar bith a bhreithniú agus mheabhraigh siad go bhféadfadh AQR inchreidteacht agus trédhearcacht a chur i bhfeidhm sna margaí. Mheas na Ballstáit eile go raibh an plé ar AQR ag tarlú go róluath, ós rud é nach bhfuil comhaontú polaitiúil maidir le dearadh ná céimeanna féideartha SEÁT bainte amach go dtí seo, agus tá dhá Bhallstát i gcoinne aon phlé ar AQR i gcomhthéacs SEÁT ar chor ar bith.
22. Bhí tuairimí éagsúla ag na Ballstáit ar an gcur chuige a bhí á bheartú é féin. Mheas Ballstáit áirithe go n-áiritheodh an cleachtadh beartaithe AQR cothroime iomaíochta do na bainc a ghlacfaidh páirt i SEÁT. Dar leosan go bhfuil na difríochtaí sna hearnálacha baincéireachta ar fud na mBallstát ó thaobh riosca sócmhainní ar na príomhbhacainní roimh bhunú SEÁT. Rinne Ballstáit eile agóid i gcoinne aon AQR as a dtiocfaidh aistriú difreáilte, rud a mhéadódh ilroinnt airgeadais, agus leag siad béim ar an ngá atá le haistriú comhpháirteach do na Ballstáit rannpháirteacha uile.
23. Bhí tuairimí éagsúla i measc na mBallstát chomh maith maidir leis an raon feidhme agus na critéir roghnúcháin chomh maith. D'aontaigh formhór na mBallstát maidir le ról láidir do BCE i gcur i gcrích féideartha AQR, agus leag cuid acu béim ar an ngá atá le rannpháirtíocht na n-údarás inniúil náisiúnta.
24. Níor comhaontaíodh obair leantach ar bith a thiocfadh sna sála ar an bplé áirithe seo, d'fhonn fanacht le toradh an phlé polaitiúil maidir le dearadh SEÁT.

- **Tosaíocht do thaisceoirí**

25. Thug Airteagal 108 den Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach na mBanc (BRRD) isteach athrú tábhachtach ar ordlathas dócmhainneachta na mbanc atá faoi réiteach, trí thosaíocht a thabhairt isteach do thaiscí cumhdaithe agus scéimeanna ráthaithe taiscí i leith gnáthdhliteanais neamhurraithe agus taiscí incháilithe.
26. Leis an tosaíocht seo do thaisceoirí tá méadú suntasach tagtha ar dheiseanna do SRTanna náisiúnta i gcás dócmhainneachta a gcuid éileamh a aisghabháil ina n-iomláine. Dá bhrí sin, tá impleachtaí tábhachtacha ag baint leis i gcomhthéacs SEÁT, agus go háirithe maidir le híocaíochtaí i gcás dócmhainneachta, mar d'fhéadfaí na caillteanais a laghdú nó a dhíothú trí mhéadú a dhéanamh ar na deiseanna na cistí go léir a aisghabháil le linn imeachtaí dócmhainneachta.
27. Sa chomhthéacs sin, phléigh an MAH páipéar leathoifigiúil sheirbhísí an Choimisiúin maidir leis an tionchar a bheidh ag an tús áite do thaiscí cumhdaithe mar chosaint le haghaidh árachais taiscí.
28. Mhínigh seirbhísí an Choimisiúin seasamh coibhneasta na n-éileamh SRT san ordlathas creidiúnaithe maidir leis na héilimh a bhfuil ardaicmiú ag baint leo agus cúitimh tosaíochta níos fearr ón eastát féimheach dá bharr. Ina theannta sin, chuir sé anailís bhreise ar fáil atá bunaithe ar struchtúr dliteanais na mbanc, rud a léirigh dóchúlacht ard go ndéanfar éilimh dócmhainneachta den sórt sin a aisghabháil.
29. I bhfianaise freagairtí teoranta ó na toscaireachtaí maidir leis an ábhar sin, chinn Uachtaránacht na hOstaire gan obair leantach a dhéanamh ag an gcéad chruinniú eile den MAH in 2018.

- **Bearta malartacha**

30. Faoi Uachtaránacht na hOstaire agus ag leanúint den obair faoin uachtaránacht a bhí ann roimhe, leanadh leis an bplé ar bhearta malartacha faoi Airt. 11(6) den Treoir maidir le Scéimeanna Ráthaithe Taiscí. Faoi bhforáil sin, féadfaidh na Ballstáit cead a thabhairt dá SRTanna bearta a mhaoiniú chun rochtain taisceoirí ar thaiscí cumhdaithe a chaomhnú, lena n-áirítear aistriú sócmhainní agus dliteanas agus leabhair taisce, i gcomhthéacs imeachtaí náisiúnta dócmhainneachta, ar choinníoll nach mó na costais a bheidh le hiompar ag an SRT ná an tsuim ghlan a theastaíonn chun taisceoirí atá cumhdaithe ag na hinstiúidí creidmheasa lena mbaineann a chúiteamh.
31. Tar éis an iarratais ó na Ballstáit ag AHWP faoi Uachtaránacht na Bulgáire, chuir SRB a anailís i láthair maidir le cé acu an bhféadfadh costas níos lú a bheith ag baint leis an idirbheart chun bearta malartacha a mhaoiniú do DGanna ná leachtú a aisíoc.
32. Bhain SRB de thátal as, go háirithe i gcás banc a bhfuil bunús láidir taiscí acu agus ag brath ar mhéid na gcaillteanas, go bhféadfadh cúinsí a bheith ann ina mbainfí an tástáil costas-is lú amach agus, dá bhrí sin, bheadh bearta malartacha ina ngné úsáideach de shraith uirlisí DGS i gcomhthéacs EDIS. Bhí an Coimisiún agus roinnt Ballstát den tuairim chéanna, ach bhí roinnt Ballstát eile go fóill in éadan bearta malartacha a mhaoiniú le cistí Eorpacha agus chuir siad i bhfios go láidir nár cheart cistí ionchasacha ar an leibhéal Eorpach a úsáid ach amháin chun íocaíochtaí taiscí cumhdaithe a chistiú.

- **Modheolaíocht ranníocaíochtaí rioscabhunaithe**

33. Lean an Uachtaránacht den obair ar mhodheolaíocht a cheapadh le haghaidh ranníocaíochtaí rioscabhunaithe a áireamh bunaithe ar bhailiú sonraí ar chuir seirbhísí an Choimisiúin tús leis. Scrúdaigh sé feidhmiú na modheolaíochta ranníocaíochtaí rioscabhunaithe faoin gcéim athárachais.

34. Phléigh na Ballstáit saincheist an bhirt tagartha faoi Uachtaránacht na hOstaire. Le linn an phlé, thug an chuid is mó de na Ballstáit tacaíocht don bheart tagartha náisiúnta i gcomhréir le togra 2015. Mar sin féin, b'fhearr le roinnt Ballstát tagairt an aontais baincéireachta a chur i bhfeidhm sa chéim athárachais. Mhol Ballstát amháin "beart tagartha hibrideach" bunaithe ar thagairt náisiúnta agus ar thagairt aontais baincéireachta araon, agus chuir roinnt Ballstát in iúl go mbeidís toilteanach tuilleadh plé a dhéanamh ar an rogha sin.

- **Tionchar SEÁT ar an Margadh Aonair**

35. Ag an gcruinniú den Mheitheal Ardleibhéil maidir leis an Sásra Réitigh Aonair ar an 19 Iúil 2018, chuir an Coimisiún achoimre i láthair ar ghnéithe cainníochtúla agus cáilíochtúla na hanailíse ar thionchar SEÁT ar na Ballstáit nach bhfuil rannpháirteach san Aontas Baincéireachta. Labhair sé faoi iarratas a chuir roinnt toscaireachtaí faoi bhráid na hUachtaránachta le cóir chomhionann a áirithiú do na Ballstáit atá sa limistéar euro agus do na Ballstáit nach bhfuil sa limistéar euro i dtogra SEÁT. Ba dhíol sásaimh do na Ballstáit go léir an achoimre a moladh.

36. Ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal Ardleibhéil maidir leis an Sásra Réitigh Aonair, an 20 Samhain chuir an Coimisiún agus an tAirmheán Comhpháirteach Taighde (ACT) i láthair torthaí tosaigh ar an anailís chainníochtúil inar tugadh le fios go mbainfeadh Ballstáit nach bhfuil rannpháirteach san Aontas Baincéireachta leas as an éagsúlú a ghinfí faoi SEÁT agus go mbeadh líon na n-easnamh leachtachta laghdaithe go mór. Bunaíodh an anailís sin ar shonraí a bhailigh an Coimisiún chun an mhodheolaíocht fhorbairt chun ranníocaíochtaí rioscabhunaithe a áireamh. Le linn an phlé leis an Meitheal Ardleibhéil maidir leis an Sásra Réitigh Aonair, ba dhíol sásaimh do na Ballstáit an cur i láthair ón gCoimisiún agus é ina chéad chéim chun éifeachtaí SEÁT ar an margadh aonair a anailísiú ach chuir siad ceisteanna faoi thiomhdí na hanailíse, go háirithe gur cuireadh san áireamh, chun críche an ionsamhlúcháin, spriocleibhéal íosta 0.8% de thaiscí cumhdaithe mar a leagtar amach sa Treoir maidir le Scéimeanna Ráthaithe Taiscí seachas an fíorleibhéal cistithe, spriocleibhéal atá níos airde ná an spriocleibhéal íosta i gcuid de na Ballstáit. Ina theannta sin, d'iarr roinnt Ballstát go ndíreofaí leis an obair anailíseach bhreise ar thionchar SEÁT ar an margadh aonair ar an iomlán agus ní ar an tionchar at gach aon Bhallstát nach bhfuil san aontas baincéireachta. D'iarr roinnt Ballstát freisin go ndéanfaí anailísiú ar éifeachtaí roghanna éagsúla dearaidh SEÁT ar an margadh aonair agus go bhforlíonfaí an anailís ar easnaimh leachtachta leis an anailís ar chaillteanais. Tar éis na hachóimre a comhaontaíodh ag cruinniú mhí Iúil SEÁT, chuir an Coimisiún i láthair freisin pleananna i gcomhair cuid cháilíochtúil na hanailíse.

- **Rannchuidiú leis an bplé ar threochlár um pléití polaitiúla faoi SEÁT a thosú**

37. Phléigh an Mheitheal Ardleibhéil maidir leis an Sásra Réitigh Aonair páipéir leathoifigiúil ón Uachtaránacht, ina ndearnadh comparáid idir na trí shamhail tacaíochta leachtachta a ndearnadh anailís orthu go dtí seo sa Mheitheal Ardleibhéil: an chéim athárachais i dTeachtaireacht mhí Dheireadh Fómhair 2017 ón gCoimisiún, an t-iasachtú éigeantach a thíolaic Uachtaránacht na Bulgáire agus an tsamhail hibrideach a thíolaic Uachtaránacht na hOstaire. Ina theannta sin, tugadh leid sa pháipéar leathoifigiúil faoi bhealach ionchasach chun cinn agus faoi fhorbairt gach samhla. D'iarr cathaoirleach an Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais/Mheitheal an Ghrúpa Euro an tuarascáil chun rannchuidiú leis an plé ar "pléití ar an treochlár um pléití polaitiúla faoi SEÁT a thosú" agus chun obair leantach tar éis Chruinniú Mullaigh Euro mhí an Mheithimh 2018.

38. Is fiú a thabhairt ar aird go bhfuil roinnt de na gnéithe céanna ag na trí shamhail. Áirítear orthu sin an ceanglas maidir le SRTanna náisiúnta a gcistí a ídíú ar an leibhéal náisiúnta (suas go dtí an méid a bhunaítear leis an gconair cistiúcháin) ar dtús sular féidir leo tacaíocht leachtachta a iarraidh. Tá an rochtain ar thacaíocht leachtachta coinníollach freisin ar an creata dlí is infheidhme a bheith á chomhlíonadh, agus tá an tréimhse aisíocaíochta faoi réir faireacháin rialta.
39. Tháinig roinnt príomhchonclúidí chun suntais sa pháipéar leathoifigiúil. Cé go bhfuil na trí shamhail éagsúil óna chéile ó thaobh coincheapa de, eascraíonn na príomhdhifríochtaí ina ngnéithe eacnamaíocha as socrú na bparaiméadar. Cinntear nádúr na samhla cuid mhór le leithdháileadh na gcistí idir an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal Eorpach agus/nó le ceapadh na n-uasteorainneacha. Maidir le gnéithe oibríochtúla agus na héifeachtaí ar mhuinín taisceoirí, d'fhéadfadh infhaighteacht cistí ar an leibhéal lárnach cur le stóinseacht i dteagmhas aisíocaíochta, mar a aithníonn roinnt Ballstát. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé go mbeadh costais níos mó cur chun feidhme agus oibriúcháin ag baint le ciste lárnach den sórt sin ná mar a bheadh i gceist le hiasachtú éigeantach le líonra SRTanna náisiúnta. Tá na trí shamhail éagsúil óna chéile ó thaobh a gcumas forbairt i dtreo roinnt caillteanais, a d'fhéadfadh a bheith níos fusa a chur chun feidhme i gcás samhlacha a bhfuil ciste acu cheana ar an leibhéal lárnach. Ní raibh anailís chríochnúil ar an gclaonadh i dtreo roinnt na gcaillteanas ina cuid den phlé sa Mheitheal Ardleibhéil maidir leis an Sásra Réitigh Aonair.
40. Rinneadh comparáid idir na samhlacha tacaíochta leachtachta faoi SEÁT ag Meitheal an Ghrúpa Euro+ an 25 Deireadh Fómhair agus ag an nGrúpa Euro+ ar an 5 Samhain, ach ní dhearnadh dul chun cinn maidir le dearadh SEÁT ag an ócáid sin.

### **III. FAIREACHÁN A DHÉANAMH AR DHUL CHUN CINN MAIDIR LE BEARTA LAGHDAITHE RIOSCA FAOI THREOCHLÁR ECOFIN 2016**

#### **A) AN PACÁISTE BAINCÉIREACHTA**

41. Ar an 23 Samhain 2016, thíolaic an Coimisiún pacáiste tograí reachtacha i ndáil le bearta laghdaithe riosca ('Pacáiste RRM' nó 'tograí RRM') ina bhfuil 5 thogra chun leasú a dhéanamh ar an reachtaíocht atá ann cheana:

- dréachtrialachán lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 (an rialachán maidir le ceanglais chaipitil nó CRR) i dtaca leis an gcóimheas gearála, leis an gcóimheas glanchistiúcháin chobhsaí, leis na ceanglais maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe, leis an riosca creidmheasa contrapháirtí, leis an riosca margaí, leis na neamhchosaintí ar chontrapháirtithe lárnacha, leis na neamhchosaintí ar ghnóthais chomh-infheistíochta, leis na neamhchosaintí móra, leis na ceanglais tuairiscithe agus nochta;
- dréacht-treoir lena leasaítear Treoir 2013/36/AE (an treoir maidir le ceanglais chaipitil nó CRD) maidir le heintitis dhíolmhaithe, cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais, cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha, luach saothair, bearta maoirseachta agus bearta caomhnaithe caipitil;
- dréacht-treoir lena leasaítear Treoir 2014/59/AE (an treoir maidir le téarnamh agus réiteach na mbanc nó TTRB) agus treoracha eile maidir le cumas ionsúcháin caillteanais agus athchaipitliúcháin na n-institiúidí creidmheasa agus na ngnólachtaí infheistíochta;
- dréacht-treoir lena leasaítear an TTRB maidir le rangú ionstraimí fiachais neamhurraithe san ordlathas dócmhainneachta;

- dréachtrialachán lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 (SRMR) agus maidir le cumas ionsúcháin caillteanais agus athchaipitliúcháin na n-institiúidí creidmheasa agus na ngnólachtaí infheistíochta.

42. Ar an 25 Deireadh Fómhair 2017, tháinig an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa ar chomhaontú polaitiúil maidir le dhá ghné den phacáiste a rianaíodh go tapa: dréachtrialachán lena leasaítear an TTRB maidir le rangú ionstraimí fiachais neamhurratithe san ordlathas dócmhainneachta agus dréachtrialachán maidir le socruithe idirthréimhseacha le haghaidh IFRS 9 agus neamhchosaintí móra.

43. Tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta i leith na dtograí reachtacha eile sa phacáiste sin ag cruinniú ECOFIN an 25 Bealtaine 2018.

44. Ghlac Parlaimint na hEorpa a sainordú polaitiúil maidir le "tograí RRM" ag an seisiún iomlánach a bhí aici i mí an Mheithimh 2018. Bhí an chéad chruinniú tríthaobhach leis an bParlaimint ar an 11 Iúil.

45. Bhí na cruinnithe tríthaobhacha deireanacha faoin bpacáiste baincéireachta ar siúl ar an 21 agus an 22 Samhain.

46. Iarrfar ar an gComhairle Ecofin torthaí na gcrúinnithe tríthaobhacha a fhormhuiniú ag an gcruinniú a bheidh aici ar an 4 Nollaig.

**I. B) BEARTA CHUN DUL I NGLEIC LE HIASACHTAÍ  
NEAMHTHUIILLMHEACHA**

47. Mar fhreagairt don ghlaio ón gComhairle ar bhearta breise chun aghaidh a thabhairt ar fhadhb na n-iasachtaí neamhthuillmheacha san Aontas a leagtar amach i bplean gníomhaíochta mhí Iúil 2017 chun dul i ngleic le hiasachtaí neamhthuillmheacha san Eoraip, i mí an Mhárta 2018, mhol an Coimisiún pacáiste beart chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna na n-iasachtaí neamhthuillmheacha, lena n-áirítear:

- dréachtrialachán lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir le cumhdach caillteanais fósta do risíochtaí neamhthuillmheacha i dtaobh iasachtaí nuathionscanta a éiríonn neamhthuillmheach (togra na n-iasachtaí neamhthuillmheacha maidir le cúlstop stuamachta). Tabharfar ar na bainc leis an mbeart sin cistí a chur ar an leataobh leis na rioscaí a bhainfidh le hiasachtaí neamhthuillmheacha a bheidh ann amach anseo a chumhdach;
- dréacht-treoir maidir le seirbhísí creidmheasa, ceannaitheoirí creidmheasa agus comhthaobhacht a aisghabháil. Is é is aidhm don bheart sin sásra éifeachtúil d'aisghabháil luacha lasmuigh den chúirt ó iasachtaí urraithe a thabhairt do na bainc agus forbairt margaí tánaisteacha a spreagadh áit ar féidir le bainc a gcuid iasachtaí neamhthuillmheacha a dhíol le hinfheisteoirí agus úsáid a bhaint as seirbhísí creidmheasa speisialaithe;
- doiciméad oibre inmheánaigh de chuid sheirbhísí an Choimisiúin ina bhfuil treoirphlean maidir le cuideachtaí bainistíochta sócmhainní a chur ar bun. Sa doiciméad sin, tugtar treoir neamhcheangailteach do na húdaráis náisiúnta faoin gcaoi ar féidir leo cuideachtaí bainistíochta sócmhainní a chur ar bun a bheadh ag plé le hiasachtaí neamhthuillmheacha.

48. Chuir an Mheitheal um Sheirbhísí Airgeadais tús leis an bplé maidir leis na heilimintí reachtacha de phacáiste na n-iasachtaí neamhthuillmheacha ar an 20 Aibreán 2018.
49. I dtaca le togra na n-iasachtaí neamhthuillmheacha maidir le cúlstop stuamachta, lean Uachtaránacht na hOstaire den phlé ar cuireadh tús leis faoi Uachtaránacht na Bulgáire. Chomhaontaigh na Ballstáit faoi chur chuige ginearálta i leith an togra ar an 31 Deireadh Fómhair 2018 (13570/18). Ba cheart go gcuirfí tús leis an gcaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa a luaithe a ghlacfar an sainordú polaitiúil ón bParlaimint.
50. Tá an togra ón gCoimisiún le haghaidh teorach fós á phlé i meitheal na Comhairle. Chuir na Ballstáit in iúl go dtacaíonn siad i bpáirt le sásra forfheidhmithe níos gaiste lasmuigh den chúirt a bhunú chun comhthaobhacht a aisghabháil, ach is gá fós tuilleadh oibre a dhéanamh ina mbeadh saineolaithe dlí páirteach.
51. Maidir le margáí tánaisteacha a fhorbairt i gcomhair iasachtaí a dhíol agus a cheannach, lena n-áirítear iasachtaí neamhthuillmheacha, agus seirbhísíú creidmheasa ar bhonn trasteorann a spreagadh, tá tromlach na mBallstát i bhfách leis an togra ón gCoimisiún. Tá rún ag Uachtaránacht na hOstaire an oiread dul chun cinn agus is féidir a dhéanamh i ndáil leis an gcuid sin den Treoir agus é mar aidhm aici teacht ar chur chuige ginearálta páirteach faoi dheireadh na bliana.

## **C) FAIREACHÁN A DHÉANAMH AR DHUL CHUN CINN MAIDIR LE BEARTA EILE**

Chomh maith le togra SEÁT a phlé, bhí an Mheitheal Ardleibhéil maidir leis an Sásra Réitigh Aonair, i gcomhréir lena shainordú, ag déanamh faireachán ar obair ar bhearta eile a mbeadh sé mar aidhm leo an t-aontas baincéireachta a neartú:

- ag an gcrúinniú a bhí aici ar an 17 Meán Fómhair agus ar an 12 Deireadh Fómhair, chuir an Uachtaránacht an staid mar atá i ndáil leis an "bpacáiste baincéireachta i láthair;
- ag an gcrúinniú a bhí aici an 12 Deireadh Fómhair, d'iarr an Uachtaránacht ar an gCoimisiún an mheitheal a thabhairt cothrom le dáta i ndáil leis an obair a bhaineann leis an treoir maidir le dócmhainneacht<sup>2</sup> ; d'éirigh leis na hairí ceartais teacht ar chomhaontú faoi chur chuige ginearálta páirteach maidir leis an "treoir dócmhainneachta" ina gcrúinniú den Chomhairle ar an 4 Meitheamh;
- ar deireadh, cuireadh an Mheitheal Ardleibhéil maidir leis an Sásra Réitigh Aonair ar an eolas faoi staid an phlé sa Choiste um Sheirbhísí Airgeadais i dtaca leis na táscairí chun an dul chun cinn sa laghdú rioscaí a mheas i gcomhthéacs tabhairt isteach an chúlstóp sa Chiste Réitigh Aonair roimh an idirthréimhse, mar a iarradh i litir ón Uachtarán Centeno ar an 25 Meitheamh chuig an Uachtarán Tusk.

---

<sup>2</sup> Togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le creataí um athstruchtúrú coisctheach, dara deis agus bearta chun éifeachtúlacht nósanna imeachta athstruchtúraíthe, dócmhainneachta agus urscaoilte a fheabhsú agus lena leasaítear Treoir 2012/30/AE

#### IV. CONCLUÍDÍ

Iarrann Uachtaránacht na hOstaire ar an gComhairle an tuarascáil seo a thabhairt dá haire, d'fhonn tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh ar an obair.

Iarrtar ar Uachtaránacht na Rómáine tógáil ar an dul chun cinn atá déanta nuair a thiocfaidh siad i gceannas agus leanúint de bheith ag obair ar mhaithe leis an Aontas Baincéireachta a neartú agus aghaidh á tabhairt ar na sruthanna oibre éagsúla dá chuid mar a comhaontaíodh i dTreochlár mhí an Mheithimh 2016.

---